Bord Fiontar
Contae Chill Dara

BORD FIONTAIR CHONTAE CHILL DARA TEORANTA

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006
&
RÁITIS AIRGEADAIS

NDP
NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

Maoiníonn Rialtas na hÉireann agus páirt-mhaoiníonn Aontas na hEorpa Boird Fiontair Chontae & Chathracha faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2000 - 2006

Clár Ábhar

Ráiteas Bunchuspóra....3

Stiúrthóirí agus Eolas Eile....4

Ráiteas an Chathaoirligh....5

An Buiséad a Fuarthas i 2006....6

Beart a hAon – Cúnamh Airgeadais Roghnaíoch....7
- Achoimre ar leithdháileadh deontas do 2006....7
- Deontais um Staidéar Indéantachta....8
- Deontais um staidéar indéantachta arna n-íoc in 2006....8
- Deontais Chaipitil....9
- Deontais Chaipitil arna n-íoc in 2006....9
- Deontais Fostaíochta....10
- Deontais Fostaíochta arna n-íoc in 2006....10

Beart a Dó – Forbairt Fiontraíoch & Inniúlachta....11
- Dámhachtainí Fiontraíochta Daltaí....11
- Comhairle Ceardaíochta na hÉireann − Taispeántas Náisiúnta....12
- Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta....13
- Clár Comhairle / Meantóireacht Ghnó....13
- Tionscnamh um Mhná i mBun Gnó 2006....14
- Dámhachtainí Náisiúnta Fiontair....15

Cairt Chustaiméirí....16

Ráiteas Bunchuspóra

"creat tacaíochta a sholáthar do chothú agus forbairt micrifhiontar i gContae Chill Dara a chabhróidh le fiontair iomaíocha agus inbhuanaithe a chruthú ar fud an chontae"

Stiúrthóirí agus Eolas Eile

Stiúrthóirí	Patrick Brennan (Cathaoirleach) Mary Glennon Mary Keane Michael D. Dowling Dermot Gillespie Niall Bradley (d'éirigh as 26/12/2006) Gay Boylan Michael Fitzpatrick Michael Callaly James Rea (d'éirigh as 21/11/2006) Gary O'Mahony (tháinig in áit James Rea) J.J. Power Liam Doyle
Rúnaí	Donal Dalton
Uimhir na Cuideachta	236636
Oifig Chláraithe	Na Coillte Claonadh Co. Chill Dara
Iniúchóir	An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Seoladh Gnó	Na Coillte Claonadh Co. Chill Dara
Baincéirí	Banc na hÉireann An Nás Co. Chill Dara
Dlíodóirí	Tony Osborne & Co. 34 An Phríomhshráid Theas An Nás Co. Chill Dara

Ráiteas an Chathaoirligh

Cuireann an Cathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bhord Fiontair Chontae Chill Dara an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Iniúchta & Airgeadais i láthair don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2006.

Ó bunaíodh an Bord i 1993, is mór an dul chun cinn a rinneadh maidir le raon tacaíochtaí fiontair a fhorbairt le haghaidh micreaghnóthais. Sa bhliain 2006, leithdháil an Bord cúnamh deontais ar 22 tionscadal, arbh fhiú €484,850 é san iomlán, comhdhéanta de 12 Deontas Caipitil, 8 Deontas Fostaíochta agus 2 Deontas le haghaidh Staidéar Indéantachta. Déanann Bord Fiontair Chontae Chill Dara gach iarracht i gcónaí a idirghabhálacha a dhéanamh bainteach le riachtanais a gcliant.

Aithníonn an Bord an tábhacht a ghabhann le tacaíocht leanúnach ghnó agus le forbairt bainistíochta maidir le rath a bheith ar chúrsaí gnó.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an mBord, leis an gCoiste Measúnachta agus le foireann Bhord Fiontair Chontae Chill Dara a d'oibrigh gan staonadh chun a chinntiú go gcuirfí gníomhaíochtaí uile an Bhoird i bhfeidhm go rathúil.

Léiríonn an tuarascáil seo a leanas an tionchar dearfach a d'imir Bord Fiontair Chontae Chill Dara agus na héachtaí a rinneadh dá bharr.

Patrick Brennan

An Buiséad a Fuarthas i 2006

Maoinítear Bord Fiontair Chontae Chill Dara ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus an Aontas Eorpach faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006.

I gcaitheamh 2006, fuair Bord Fiontair Chontae Chill Dara €836,400 ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta a roinneadh ar na réimsí seo a leanas:

Beart 1 – Cúnamh Airgeadais Roghnaíoch (€182,500)

Beart 2 – Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta (€300,500)

Riaracháin (€353,400)

Bailíodh cistí breise ag an mBord trí tháillí a ghearradh le haghaidh clár oiliúna agus seirbhísí eile as a bhfuarthas €30, 450.



Beart a hAon – Cúnamh Airgeadais Roghnaíoch

Tá 4 chineál deontais ar fáil do thionscadail incháilithe a chomhlíonann critéir roghnúcháin an Bhoird.

1. **Deontas um Staidéar Indéantachta**
   Deontas i leith an chostais tabhairt faoi staidéar indéantachta. An t-uasdeontas ar fáil ná €5,100 nó 50% de chostais incháilithe, cibé acu is lú.

2. **Deontas Inaisíoctha:**
   I gcásanna áirithe éilíonn an Bord go n-aisíocfaí sciar den deontas. Is é beartas reatha an Bhoird moratorium dhá bhliain a cheadú ó dháta an fhaofa. Bíonn aisíocaíochtaí leata thar uastréimhse de 5 bliana ag brath ar an tionscadal agus ar an méid den deontas atá le haisíoc. Ní ghearrtar ús ar aisíocaíochtaí.

3. **Deontas Fostaíochta:**
   Suas go €7,500 i leith gach poist lánaimseartha breise faoi réir uasmhéid de €75,000 in aghaidh an tionscadail.

4. **Deontas Caipitil:**
   Suas go 50% de chostas na sócmhainní seasta incháilithe faoi réir uasmhéid de €75,000.

Achoimre ar leithdháileadh deontas do 2006

Deontas	Uimh. Leithdháilte	Méid Leithdháilte	Glanmhéid Inaisíoctha
Caipiteal	12	€358,000	€163,500
Staidéar Indéantachta	2	€9,850	0
Fostaíocht	8	€117,000	0
Iomlán	**22**	**€484,850**	**€163,500**



Deontais um Staidéar Indéantachta

Bíonn Deontais um Staidéar Indéantachta le fáil ag fiontair incháilithe chun inmharthanacht smaoinimh ghnó a mheas. Ar na costais incháilithe áirítear taighde agus forbairt, táirgeadh fréamhshamhalta, triailmhargaíocht, ullmhú Plean Gnó agus réamh-mheastacháin airgeadais.

Féadfar deontais a sholáthar suas go dtí 50% faoi réir teora de €5,100 d'aon tionscadal ar leith.

D'fhaomhaigh an Bord dhá cheann de staidéir indéantachta in 2006 a chosain €9,850 san iomlán.

Deontais um staidéar indéantachta arna n-íoc in 2006

Ainm	**Cur síos ar an nGnó**	**Méid**
Premier Aviation Services Ltd., Léim an Bhradáin	An chéad seirbhís míochaine éigeandála héileacaptair in Éirinn	€4,350
	Iomlán	**€4,350**

Deontais Chaipitil

Féadfar Deontais Chaipitil a bhronnadh ar fhiontair incháilithe chun trealamh nua a cheannach nó chun foirgneamh a thógáil/athchóiriú. Cheadaigh an Bord 12 Deontas Caipitil in 2006 arbh fhiú €358,000 iad san iomlán.

Deontais Chaipitil arna n-íoc in 2006

Ainm	Cur síos ar an nGnó	Méid	Cuid Inathchistithe
M.D.B. Engineering Ltd., An Chill	comhlacht déantúsaíochta arb é cruach dhosmálta don tionscal bia a sainghnó	€16,153.10	€6,461.24
Prospec Laboratories Ltd., Claonadh	Saotharlann diagnóisic in vitro chun anailís a dhéanamh ar fhuil, fhual agus samplaí d'fhíocháin daonna eile	€50,000.00	€25,000.00
Progressive Surgical Ltd., Claonadh	raon táirgí cúram sláinte nideoige a dhearadh agus a dhéanamh	€7,847.00	€3,923.50
Unique Stone Direct Ltd., An Nás	táirgí marmair agus eibhir a dhéanamh	€600.00	€199.99
Sahara Interpretations Services Ltd., Cill Chuillinn	seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta	€3,000.00	€0.0
Hose & Couplings Ireland Ltd., Claonadh	cóimeálacha osáin agus táirgí ginearálta tionsclaíocha agus hiodrálacha a dhearadh agus a dhéanamh	€18,635.60	€9,317.80
Shaker Store, Baile Átha Í	troscán Shaker	€5,000.00	€0.0
	Iomlán	**€101,235.70**	**€44,902.53**

Deontais Fostaíochta

Faomhadh 16 Deontas Fostaíochta do 8 ghnóthas in 2006 arbh fhiú €117,000 iad san iomlán.

Deontais Fostaíochta arna n-íoc in 2006

Ainm	Cur síos ar an nGnó	Méid	Cuid Inathchis tithe
Laura Webberley, Baile Átha Í	cúram leanaí	€2,500.00	€0.0
Ann Lawlor, Baile Átha Í	cúram leanaí	€5,000.00	€0.0
Leanbh Óg Preschool, Béal Átha an Tuair	cúram leanaí	€3,000.00	€0.0
Care-At-Home Services, Eadestown	seirbhís chúram baile do dhaoine aosta & faoi mhíchumas	€7,500.00	€0.0
Tutty's Handmade Shoes, An Nás	déanamh bróg speisialaithe	€11,250.00	€0.0
Lots of Tots, Baile Átha Í	cúram leanaí	€4,000.00	€0.0
Trade Development Centre, Baile Átha Í	ag cur gnó Éireannach-Afraiceach chun cinn	€12,000.00	€0.0
AJB Media, Na Solláin	closán spóirt le haghaidh stáisiún neamhspleách raidió in Éirinn	€3,750	€0.0
Core Code Systems Ltd., Cill Droichid	iniúchadh ar theicneolaíocht faisnéise & chumarsáide	€3,750.00	€0.0
	Iomlán	**€52,750.00**	**€0.0**

Beart a Dó – Forbairt Fiontraíoch & Inniúlachta

Dámhachtainí Fiontraíochta Daltaí

Clár fiontair praiticiúil bunaithe ar ghníomhartha le haghaidh daltaí na hidirbhliana is ea an clár Dámhachtainí Fiontraíochta Daltaí. Sa chlár seo bunaíonn agus ritheann grúpaí beaga daltaí a 'mionchomhlacht' féin ar feadh thréimhse sé mhí nó mar sin. Tugann an clár daltaí ó chéim an smaoinimh, trí thaighde margaidh go táirgeadh, díol, coimeád taifead, bainistíocht agus ar deireadh, tuairisc ghnó a scríobh.

Le linn bhliain acadúil 2006/7, ghlac 15 scoil agus breis is 600 dalta páirt sa chlár. Ba iad Conway Associates & O'Carroll and Associates a sheachaid an clár thar ceann an Bhoird. Ritheadh 4 cheardlann agus 2 cheardlann ghrúpa i ngach scoil mar gheall ar thopaicí mar:

- Giniúint Smaointe
- Taighde Margaíochta & Margaíocht
- Praghsáil & Costáil
- Tuairisc Ghnó a Scríobh
- Scileanna Agallóireachta

Tháinig an clár chun buaice le Craobhchomórtas fíor-rathúil ag Óstán Osprey, An Nás, a d'urraigh Osberstown Developments Ltd.. Chuaigh 18 mionchomhlacht san iomaíocht le haghaidh na duaise foriomlána de "Mionchomhlacht Chill Dara na Bliana". Ba é Clem Ryan, Stiúrthóir agus Bainisteoir Ginearálta KFM Radio a bhí ina fhear a' tí an lá sin. D'fhreastail tuairim is 250 tuismitheoir, lucht gnó áitiúil agus polaiteoirí ar an ócáid.

Ba é Coláiste an Droichid Nua a rug an chraobh leo le hiontráil dar teideal "Hands-On" a rinne ionadaíocht ar son Chill Dara sa Chraobh Náisiúnta. Sholáthair "Hands-On" DVD chun teanga chomharthaíochta a mhúineadh do pháistí bunscoile.

Bhí na scoileanna seo a leanas rannpháirteach sa chlár

- Scoil Mhuire, Claonadh
- Ard Scoil Rath Iomghain, Ráth Iomghain
- Pobalscoil Naomh Wolstan, Cill Droichid
- Meánscoil Phádraig, Droichead Nua
- Scoil Mhuire, Baile Átha Í
- CBS, An Nás
- Coláiste Clongowes Wood, Claonadh
- Meánscoil an Teaghlaigh Ró-Naofa, Droichead Nua
- Coláiste Mhuire, An Nás
- Coláiste Dhroichead Nua, Droichead Nua
- Pobalcholáiste Phádraig, An Nás
- Scoil Dara, Cill Choca
- Coláiste na Croise & na Páise, Cill Chuillinn
- Scoil Eoin, Baile Átha Í
- Coláiste Lorcáin, Caisleán Dhiarmada

Comhairle Ceardaíochta na hÉireann – Taispeántas Náisiúnta

Chabhraigh agus thacaigh Bord Fiontair Chontae Chill Dara le dhá fhiontar nua a dtáirgí a chur ar an margadh ag Showcase, 'aonach idirnáisiúnta na gceannaithe' a reáchtáladh ag an RDS i mBaile Átha Cliath in Eanáir 2006. Thug sé seo deis don dá ghnóthas a gcuid táirgí a mhargú agus a dhíol le ceannaithe móra idirnáisiúnta agus náisiúnta. Gach bliain cuireann Bord Fiontair Chontae Chill Dara seastán ar fáil ar chostas íseal do ghnóthais bheaga atá sa chéim tosaigh chun cuidiú leo díolacháin a bhaint amach, áit a fháil ar an margadh easpórtála agus dul i dtaithí ar na deiseanna margaíochta atá ar fáil. Thuairiscigh an gnóthas a bhí i gceist ardráta sástachta leis an deis díolacháin agus leis na fiosruithe ó chliaint fhéideartha.

Tá Bord Fiontair Chontae Chill Dara lándáiríre faoi fhéachaint chuige go mbíonn gach deis ag gnóthais bheaga i gCill Dara dul san iomaíocht i lár an aonaigh náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuid ríthábhachtach de fhás na ngnóthas beag seo is ea tacú leo a gcuid táirgí a chur i láthair ceannaithe idirnáisiúnta.

Ba iad seo a leanas na cuideachtaí a bhí ar sheastán Bhord Fiontair Chontae Chill Dara i 2006:

Cuideachta	**Suíomh**	**Cur Síos**
Liadain de Buitléir Knitwear	Baile Chill Dara	Earraí cniotáilte ban ar ardchaighdeán a dhearadh agus a tháirgeadh
Mary Jo Coates Jewellery Design	Cill Droichid	Dearadh seodra

Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta

369 duine páirt i gcláir oiliúna a soláthraíodh do ghnóthais bheaga i gContae Chill Dara faoi bhuiséad Bheart 2 de chuid an Bhoird i gcaitheamh 2006.

Cúrsa	Iomlán na Rannpháirtithe	Fireann	Baineann
Advanced Excel	6	1	5
Forbairt Ardscileanna do Mhná	6	0	6
Scileanna Gnó do Mhná	20	0	20
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	8	4	4
Scileanna Cumarsáide	24	9	15
Ag Déileáil le Strus	6	4	2
Foilsitheoireacht Deisce – Tosaitheoirí	10	2	8
Foilsitheoireacht Deisce – Idirmheánach	6	1	5
Saincheadúnais	27	11	16
Lánbhuntáiste a Bhaint as do Chuntasóir	12	4	8
Sláinte & Sábháilteacht a Bhainistiú	6	2	4
Daoine a Bhainistiú	35	13	22
Gnó Teaghlaigh a Bhainistiú	10	6	4
Margaíocht le haghaidh Brabúis	19	6	13
Gnásanna Oifige	13	1	12
Foireann a Earcú & a Bhainistiú	12	5	7
Forchostais a Laghdú	12	3	9
Tuarascálacha / Litreacha a Scríobh	15	3	12
Tuairiscéan Cánach Féinmheasúnaithe	15	7	8
Cúrsa um Tús a chur le do Ghnóthas Féin	60	24	36
Bainistíocht Ama	13	7	6
Do Oibleagáidí Sláinte & Sábháilteachta a Thuiscint	13	7	6
Do Phlean Gnó Féin a Scríobh	21	7	14

Clár Comhairle / Meantóireacht Ghnó

Choinnigh an Bord air ag soláthar comhairle gnó agus meantóirí do chuideachtaí cliaint nuair ba ghá. Féadfar a iarraidh ar mheantóirí comhairle a sholáthar maidir le gnéith ar leith den ghnó nó réimsí éagsúla. Cuirtear tuairiscí chuig Bord Fiontair Chontae Chill Dara agus gníomhaíonn an Bord dá réir de réir mar is iomchuí. Fuair 154 cliant comhairle gnó / meantóirí i gcaitheamh 2006 (70 fear & 84 bean).

Tionscnamh um Mhná i mBun Gnó 2006

Tá an tionscnamh seo ina ochtú bliain anois agus is líonra láidir réamhghníomhachta é i gcónaí. Tá breis is 1200 ball ar an mbunachar sonraí agus tuairim is 500 ar an mbunachar sonraí gníomhach. Tá an 500 seo gníomhach i dTionscnamh Mhná i mBun Gnó, sna Cláir Tacaíocha Boige, ag meantóireacht agus ag coinneáil i dteagmháil leanúnach leis an mBord ar cheisteanna a bhaineann le cúrsaí gnó.

Is iad cuspóirí an líonra ná:

1. Timpeallacht agus fóram gnó a sholáthar do mhná i gContae Chill Dara a éascóidh roinnt eolais agus faisnéise maidir le fiontair, féinfhostaíocht nó fiontraíocht.
2. Líonraíocht agus gnóthais a mhisniú i measc bhall an líonra.
3. Cur i láthair / ceardlanna / seimineár agus eiseamláirí baineanna ar ardchaighdeán a sholáthar don líonra a ghlacfaidh ceannais trí dhea-shampla a thabhairt.
4. Feasacht a chruthú maidir le seirbhísí an Bhoird Fiontair agus fiontraíocht a chothú i measc mhná Chill Dara.

I gcaitheamh 2006 eagraíodh 10 cruinniú / seimineár líonra ar na topaicí seo a leanas:

- Bainistíocht Ama
- Cothromhaíocht idir Saol na hOibre agus Saol an Teaghlaigh in Éirinn: Taighde a Rinneadh le Deireanas agus Impleachtaí do Mhná a théann amach ag Obair
- Úrscéal a Scríobh – Próiseas Gnó
- Cumarsáid Threallúsach Gnó
- Oiliúnóireacht le haghaidh Ratha
- Conas Custaiméirí a Fháil & Diolácháin a Chur i gCrích
- Mar a d'fhorbair mé agus ar chuir mé mo ghnó féin chun cinn: Scéal rathúil aon mhná amháin
- Cuir le do Scileanna Idirbheartaíochta
- An Custaiméir mar Rí – Cúram Éifeachtach don Chustaiméir
- Tábhacht na hÍomhá

Ba é tríocha meánlíon na mban a bhí i láthair ar gach cruinniú líonra agus ba iomaí bean ón tionscnamh Mná i mBun Gnó a ghlac áit ar an gClár Tacaíochtaí Boga. Rinneadh meastóireacht ar gach seisiún agus freagra dearfach amach is amach a fuarthas.

Dámhachtainí Náisiúnta Fiontair

Is é an líonra náisiúnta de Bhoird Fiontair Chathracha agus Chontae a urraíonn na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontair. Féadann gach fiontar a fuair cabhair deontais ó Bhord Fiontair cur isteach ar an gcomórtas. Ciste duaise de €20,000 atá ar fáil don chomórtas ceannais agus faigheann an buaiteoir trófaí a choimisiúnaítear go speisialta agus seic do €5,000. Ba iad Peak Technologies, Fíodh Alúine, ionadaithe Chill Dara i gcomórtas 2006.

Bunaíodh Peak Technologies in Ionad Fiontair Fhíodh Alúine i Márta na bliana 2003. Íocadh deontas caipitil de €35,000 leis an gcomhlacht ag Bord Fiontair Chontae Chill Dara.

Fochonraitheoir déantúsaíochta leictreonach is ea Peak Technologies a chóimeálann ciorcaid agus táirge bailchríche le haghaidh déantóirí trealaimh bhunaidh ar nós Dell agus Intel. Fochonraitheoir is ea an comhlacht, a dhéanann mórchuid táirgí nideoige agus a dhíríonn ar an gcéad dul síos ar ghnóthais Éireannacha. Díríonn an comhlacht den chuid is mó ar thionscadail ísealtoirt a thógáil le corrlach ard brabúis ar nós áiseanna léitheoireachta do dhaoine faoi mhíchumas radhairc, rialaitheoirí d'otharchairr agus córais chigireachta le haghaidh drochthorthaí i mbuainteoir. D'fhostaigh an comhlacht naonúr foirne agus d'oibrigh amach as saoráid déantúsaíochta 1500 troigh cearnacha. Mheas an comhlacht go méadódh an fhoireann go 30 agus bhí sé ag féachaint ar áitreabh nua de thuairim is 5000 troigh cearnacha chun slí a fháil dá thograí forleathnaithe.

Cairt Chustaiméirí
Ráiteas Beartais maidir le Seirbhís d'Úsáideoirí agus Nósanna Imeachta Gearán

Tá Cairt Chustaiméirí foilsithe ag an mBord agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird. Níor tógadh aon cheist in 2006 ar ghá na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chairt a fheidhmiú ina leith.

Réamhrá
Cuideachta teoranta is ea Bord Fiontair Chontae Chill Dara Teoranta a bunaíodh a chéaduair ag an Rialtas chun tionscnaimh fiontraíochta áitiúla a chothú agus a mhisniú i gContae Chill Dara. Is é Rialtas na hÉireann agus Cistí Struchtúrtha an AE a mhaoiníonn an Bord faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2000–2006.

Cuspóirí
"Is iad príomhchuspóirí Bhord Fiontair Chontae Chill Dara, mar a mhíníonn an Roinn Fiontair agus Fostaíochta iad, ná díriú, forbairt agus tacú a dhéanamh ar fhiontraíocht agus fiontair áitiúla laistigh de chreat de Phlean Gníomhaíochta Fiontair Contae comhtháite, lánpháirtithe sa chaoi go dtógfar geilleagar áitiúil a bheidh fíorláidir agus buan a sholáthróidh a dhóthain post agus rachmais chun freastal ar a riachtanais."

Ráiteas Bunchuspóra
"Is é bunchuspóir Bhord Fiontair Chontae Chill Dara creat tacaíochta a sholáthar do chothú agus forbairt micrifhiontar i gContae Chill Dara a chabhróidh le fiontair iomaíocha agus inbhuanaithe a chruthú ar fud an chontae."

Seirbhís D'Úsáideoirí
Ghlac an Bord an ráiteas bunchuspóra seo a leanas chun seirbhís fhollasach ar ardchaighdeán a chinntiú don phobal agus mar rathúnas go bhféadann úsáideoir ar bith dá seirbhísí modh simplí a úsáid chun gníomhú maidir le gearáin dhleathacha i dtaobh bhearta an Bhoird nó na foirne.

Cúirtéis agus Gairmiúlachas
- Bíonn úsáideoirí sheirbhísí an Bhoird i gcónaí i dteideal seirbhís chúirtéiseach agus ghairmiúil a fháil.
- Tabharfar ainm an oifigigh nó an chomhalta a bhfuil siad ag plé leo don úsáideoir.
- Féachfaidh an Bord le cinntiú go dtreoraítear iarratais chustaiméirí go dtí an duine oiriúnach agus go réiteofar iad chomh luath agus is féidir.

Teicneolaíocht
Tabharfar lánfhaisnéis chruinn d'úsáideoirí i dtaca le haon cheist ábhartha a thógfar.

Éifeachtacht
Féadann úsáideoirí glacadh leis go bpléifear le gach ceist a chuirtear ar an mBord go tapa agus go héifeachtach, agus go bhféachfar le haon chostas a thitfeadh ort a choimeád chomh híseal agus is féidir.

Príobháideachas agus Rúndacht
Faoi réir oibleagáidí dleathacha an Bhoird lánsonraí gach cistí poiblí arna gcaitheamh agus arna dtiomnú a nochtadh, féachfaidh an Bord chuige go gcaithfidh an fhoireann, an Coiste Meastóireachta agus an Bord Fiontair le gach eolais, idir phearsanta agus ghnó, a sholáthraíonn tú ar bhealach a léiríonn meas ar do dhínit. Tá an Bord tiomanta do théarmaí na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise a chomhlíonadh.

Nósanna Imeachta Gearán
Má bhíonn aon fhadhb agat leis na seirbhísí arna soláthar ag an mBord tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm le cinntiú go bhfaighidh tú freagra éifeachtach agus pras.

1. Ba cheart an fhoireann nó comhalta den Bhord lena mbaineann a chur ar an eolas, ó bhéal nó i scríbhinn, agus déanfaidh siad gach iarracht aon ghearán dleathach a réiteach gan mhoill.
2. Muna réitítear an cheist chun do shástachta, déan teagmháil leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a ba cheart a bheith in ann do ghearán a imscrúdú agus a réiteach go pras agus go báúil.
3. Sa chás nach féidir an cheist a réiteach chun do shástachta ag foireann an Bhoird ba cheart duit scríobh ansin chuig Cathaoirleach an Bhoird:

   Cathaoirleach
   Bord Fiontair Chontae Chill Dara Teo.
   Na Coillte
   Claonadh
   Co. Chill Dara

   a chuirfidh do ghearán á imscrúdú agus cuirfear comhairle ar an mBord dá réir.

Ní bheidh dul thar cinneadh an Bhoird i dtaca le gach ceist a eascraíonn ó ghlacadh an bheartais seo ar sheirbhís d'úsáideoirí agus nósanna imeachta gearán.